

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Nósanna Imeachta an Dátheangachais
Newry Mourn and Down District Council
Bilingualism Procedures

1. TEIDEAL

Nósanna Imeachta Dátheangachais Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

2. RÁITEAS

Tá Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin tiomanta ar chosaint agus chothú na Gaeilge. Aithníonn an Chomhairle gur léiriú de shaibhreas cultúrtha í an Ghaeilge agus go gcaithfidh an Chomhairle an Ghaeilge a chur chun cinn fá choinne í a chosaint agus a neartú.

3. AIDHM

Tógfaidh na nósanna imeachta ar thiomantas na Comhairle leis an éagsúlacht a cheiliúradh tríothu seo:

1. Comhionannas deise a sholáthar dóibh siúd uilig a bhaineann leas as agus/nó a sholáthraíonn seirbhísí na Comhairle, tri úsáid fíorú forásach
2. Oibleagáidí na Comhairle mar atá sa Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a chomhlíonadh*
3. Cloí lena cleachtais reachtúla faoi Alt 75 d'Acht Thuaisceart na hÉireann (1998)*

4. PRIONSABAIL

Baineann na nósanna imeachta le gnó agus feidhmeanna uilig na Comhairle agus tá siad dírithe ar chomhionannas teanga a sholáthar dóibh siúd uilig a bhaineann leas as agus/nó a sholáthraíonn seirbhísí na Comhairle (ag úsáid fíorú forásach).

Déanfaidh na nósanna imeachta:

- a) A chur ar chumas gach duine a fhaigheann nó a úsáideann seirbhísí na Comhairle, nó a chuireann leis an phróiseas daonlathach, sin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge nó an Bhéarla, de réir a rogha phearsanta féin.
- b) Úsáid na Gaeilge a chothú agus a chur chun cinn i riarachán inmheánach na Comhairle, ina beartaíocht le comhlachtaí eile poiblí agus fosta le comhlachtaí a sholáthraíonn seirbhísí don phobal i gCeantar na Comhairle.
- c) A chinntiú gur fearr a thig le baill an phobail, comhaltaí, bainistíocht agus fostaithe na Comhairle a dtuairimí agus a riachtanais a chur in iúl sa teanga is rogha leo.
- d) A chinntiú gur ceist dhea-chleachtais agus chúram custaiméirí agus ní lamháltas é a chur ar chumas an phobail a rogha teanga a úsáid.
- e) A chinntiú go dtig le baill den phobal a n-ainm agus a seoladh i nGaeilge a úsáid.
- f) Ceart fostaithe an Gaeilge a úsáid san áit oibre agus ceart bhaill an phobail an Ghaeilge a úsáid i bhfoirgnimh na Comhairle a chinntiú

Soláthrófar cuspóirí na Comhairle i dtaca leis an Ghaeilge trí na nósanna imeachta a leanas:

5. FÉINIÚLACHT

5.1 Féiniúlacht Chorporáideach

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin

Nósanna Imeachta an Dátheangachais

Newry Mourn and Down District Council

Bilingualism Procedures

An fhéiniúlacht chorparáideach, íomhá agus clú na Comhairle, is codanna iad uilig de bhranda na Comhairle. Beidh lógó na Comhairle seasmhach agus cuirfear chun tosaigh é mar phríomhghléas teagmhála custaiméirí ar an ábhar clóite uilig.

Treoir ar ghlacadh agus úsáid na féiniúlachta corparáidí, mar atá mionsonraithe i dTreoirínte an Bhranda Corparáidigh na Comhairle, cuirfear ar fáil í do bhaill foirne, do dhearthóirí agus do dhaoine eile a atáirgeann ábhar clóite na Comhairle.

Léiríonn teideal na Comhairle tiomantas na Comhairle do chur chun cinn na Gaeilge agus ba chóir go mbeadh sé i gcónaí dátheangach agus an Ghaeilge os cionn an Bhéarla; agus iad taobh lena chéile, ba chóir go mbeadh an Ghaeilge ar thaobh na lámhe clé den Bhéarla.

5.2 Comharthaíocht/Infheictheacht/Taispeántais

Leanfaidh an Chomhairle le feidhmiú Pholasáí agus Nósanna Imeachta um Ainmniú na nEastát Nua Tithíochta, Uimhriú Poist agus Tógáil na nAinmplátaí Coinneofar agus nuashonrófar innéacs ainmneacha sráide dátheangach. Cuirfear díolúintí áirithe i bhfeidhm, m.s. déileálfar le rabhaidh shábháilteachta ag céanna/calafóirt faoi fhíorú forásach.

Ceapfar plean céimnithe feidhmithe le comharthaíocht inmheánach agus sheachtrach i mBéarla agus i nGaeilge a chrochadh ar áitribh de chuid na Comhairle;

Cuimseofar an Ghaeilge i gcuid d'ábhar taispeána. Beidh an Ghaeilge san áireamh i margaíocht taispeántas ag úsáid fíorú forásach.

6. CUMARSÁID

6.1 Fáiltiú

Bhéarfar treoir d'fháiltiú agus do ghuthánaithe, trí 'cód cúirtéise' a chur ar fáil a ligfeadh dóibh fiosrúcháin i nGaeilge a fhreagairt mar is cóir.

6.2 Post agus rphost

Cumarsáid scríofa a fuarthas i nGaeilge freagrófar i nGaeilge í taobh istigh d'amscála aontaithe. Bhéarfar treoir do bhaill foirne ar an dóigh le plé le cumarsáid i nGaeilge. Cuimseofar uascheannlíne dhátheangach ar rphost na Comhairle.

6.3 Guthán

Bhéarfar treoir do bhaill foirne ar an dóigh le plé le glaonna ó chainteoirí Gaeilge. Nuair nach mbíonn cainteoir Gaeilge ar fáil freagrófar glaonna a fuarthas i nGaeilge ag ball foirne a bhfuil Gaeilge acu nó ag foinse taobh amuigh más sin é ab fhearr leis an ghlaoitear.

6.4 Foirmeacha Inmheánacha/Seachtracha

Cuirfear leaganacha Gaeilge de cháipéisí inmheánacha ar fáil don phobal agus do bhaill foirne ar iarratas, ach amháin cáipéisí teicniúla/fada a bpléifear leo ag úsáid fíorú forásach.

7. GNÍOMHAÍOCHTAÍ NA COMHAIRLE

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Nósanna Imeachta an Dátheangachais
Newry Mourn and Down District Council
Bilingualism Procedures

- 7.1 Oibreoidh an Chomhairle lena chinntiú go mbeidh daoine atá ag freastal ar chruinnithe na Comhairle in ann a bheith páirteach trí mheán na Gaeilge ag úsáid fíorú forásach agus nuair a fuarthas fógra roimh ré.
- 7.2 Cuirfidh an Chomhairle ar fáil áiseanna ateangaireachta ag úsáid fíorú forásach nuair a iarrtar orthu sin a dhéanamh.
- 7.3 Nuair is gá cuir i láthair a dhéanamh, cuirfear seirbhísí aistriúcháin chomhuainigh ar fáil d'fhostaithe nach bhfuil eolas ar an Ghaeilge acu le tacaíocht ó bhaill foirne a bhfuil Gaeilge acu.
- 7.4 Bunóidh an Chomhairle buiséad leis an pholasaí a soláthar agus le gnáthphróisis ghnó na Comhairle a leanúint .i. go gcuimseoidh rannóga na Comhairle costais/caiteachas i meastacháin bhliana agus i bpleananna gnó.
- 7.5 De réir mar is gá agus mar a cheadaíonn acmhainní, ba chóir nuair is oiriúnach go mbeadh bileoga eolais, fógráin agus litríocht eile de chuid na Comhairle ar fáil don phobal i bhformáid Bhéarla agus Ghaeilge.
- 7.6 De réir mar is gá agus mar a cheadaíonn acmhainní, táirgfear foirmeacha i bhformáid Bhéarla agus Ghaeilge.

8. FOILSEACHÁIN

8.1 Ábhar Clóite

Cuirfear príomhcháipéisí na Comhairle ar fáil i bhformáid dhátheangach, m.s. Plean Corparáideach, Tuarascáil Bhliantúil, agus cuimseofar an Ghaeilge i bhfoilseacháin neamh-Ghaeilge. Cuirfear leaganacha Gaeilge d'ábhair ar fáil d'íocóirí rátaí ar iarratas.

8.2 Suíomh Gréasáin

Beidh formáid Bhéarla agus Ghaeilge san áireamh i suíomh gréasáin na Comhairle agus an téacs Gaeilge á nuashonrú ar aon dul leis an téacs Béarla nuair is féidir. Na leathanaigh sin is mó a léitear, mar shampla príomhleathanaigh tosaigh, beidh siad ar fáil a chéaduaire i bhformáid Bhéarla agus Ghaeilge. Beidh ceannlínte na míreanna dinimiciúla fosta i bhformáid Bhéarla agus Ghaeilge.

9. CAIDREAMH

9.1 Caidreamh Poiblí

Úsáidfídh an Chomhairle an Ghaeilge i réimse ábhair chlóite le hinfheictheacht na teanga a mhéadú, m.s. beidh leaganacha Gaeilge nó dátheangacha de phreaseisiúintí roghnaithe le cur ar fáil.

9.2 Caidreamh leis na Meáin

Cuirfidh an Chomhairle amach preaseisiúintí i nGaeilge do na meáin Ghaeilge agus nuair is féidir cuirfidh siad urlabhraí dátheangach ar fáil. Roghnófar preaseisiúintí le haistriú ar bhonn chritéar cineálach.

10. CUIR I LÁTHAIR

10.1 Óráidíocht Phoiblí

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Nósanna Imeachta an Dátheangachais
Newry Mourn and Down District Council
Bilingualism Procedures

Ag imeachtaí cathartha beidh cead ag ionadaithe na Comhairle Gaeilge a úsáid ina gcuir i láthair agus ina n-óráidíocht phoiblí nuair a chuirtear fógra roimh ré ar fáil. Cuirfear seirbhísí aistriúcháin chomhuainigh ar fáil má cheadaíonn acmhainní.

10.2 Imeachtaí

Cinntoidh an Chomhairle agus iad ag pleanáil gach féile/ceiliúradh cathartha go gcuimhneofaí ar an deis leis an Ghaeilge a chur chun cinn mar chomhpháirt de na himeachtaí seo. Tacóidh an Chomhairle le gníomhaíochtaí Gaeilge agus cultúrtha trí imeachtaí i bhfoirgnimh agus in ionaid de chuid na Comhairle ag úsáid fíorú forásach.

11. IONADAITHE/FOIREANN NA COMHAIRLE

11.1 Oiliúint

Cuirfear deiseanna oiliúna sa Ghaeilge ar fáil d'ionadaithe na Comhairle, leibhéal agus cineál na hoiliúna le haithint tríd an phróiseas Athbhreithniú Feidhmíochta agus Forbartha.

11.2 Athbhreithniú Forbartha Pearsanta (IFP)

Aithneofar riachtanais oiliúna foirne sa Ghaeilge mar chuid den phróiseas Athbhreithniú Feidhmíochta agus Forbartha.

12. ÚINÉIR NÓSANNA IMEACHTA AN DÁT HEANGACHAIS

Edwin Curtis
Stiúrthóir Pleanála agus Feidhmíochta Straitéisí

13. SONRAÍ TEAGMHÁLA FAOI NA NÓSANNA IMEACHTA SEO:

eddie.curtis@nmandd.org

Teil: 028 3031 3049

14. ÚDARÚ NÓSANNA IMEACHTA

Údaráíodh an Coiste Rialachais ar

Údaráíodh an Chomhairle ar

15. DÁTA ÉIFEACHTA NA NÓSANNA IMEACHTA

.....

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Nósanna Imeachta an Dátheangachais
Newry Mourn and Down District Council
Bilingualism Procedures

Aguisín 1

Sainmhíithe

Fíorú Forásach

Déanfaidh an Chomhairle bearta ag súil le lánfhíorú Nósanna Imeachta an Dátheangachais a bhaint amach go forásach ag úsáid acmhainní atá inacmhainne.

Prionsabal "fíorú forásach" a thugtar air seo. Admhaíonn sé go mb'fhéidir gur dheacair cuid de na cearta (mar shampla óráidíocht phoiblí trí mheán na Gaeilge) a bhaint amach i ngearrthréimhse ama agus go mbeadh siad fá réir shriantachtaí acmhainne, ach éilíonn sé go ndéanfaidh an Chomhairle an beart is fearr is féidir taobh istigh dá hacmhainn.

An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh:

Is Conradh Eorpach (SCCE 148) í An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (CETRM) a glacadh i 1992 faoi choimirce Chomhairle na hEorpa le teangacha stairiúla réigiúnacha agus mionlaigh san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn.

Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann (1998).

Éilíonn na dualgais reachtúla faoi Alt 75 go dtabharfaidh údaráis phoiblí aird mar is cuí ar an riachtanas le comhionannas deise a chur chun cinn agus fosta le haird a thabhairt ar a inmhianaithe atá sé an dea-chaidreamh a chothú.

Comhaontú Aoine an Chéasta (Comhaontú Bhéal Feirste)

Shínigh rialtais na Breataine agus na hÉireann Comhaontú Aoine an Chéasta nó Comhaontú Bhéal Feirste i mBéal Feirste ar 10 Aibreán 1998 (Aoine an Chéasta) agus thacaigh bunús pháirtithe polaitiúla Thuaisceart na hÉireann leis. Thacaigh vótóirí Thuaisceart agus Phoblacht na hÉireann leis an chomhaontú i reifrinn éagsúla ar 23 Bealtaine 1998

Comhaontú Chill Rìmhinn

Ba chomhaontú é Comhaontú Chill Rìmhinn idir rialtais na Breataine agus na hÉireann agus na páirtithe polaitiúla a bhain le cineachadh cumhachta do Thuaisceart na hÉireann. Tháinig an comhaontú de thoradh chainteanna ilpháirtí a tharla i gCill Rìmhinn, Fìobha, Albain ó 11 Deireadh Fómhair go 13 Deireadh Fómhair 2006, idir an dá rialtas agus na mórpháirtithe uilig i dTuaisceart na hÉireann. Dá thoradh, tháinig athbhunú Thionól Thuaisceart Éireann agus bunú (ar 8 Bealtaine 2007) Fheidhmeannas úr Thuaisceart na hÉireann.

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Nósanna Imeachta an Dátheangachais
Newry Mourn and Down District Council
Bilingualism Procedures

Aguisín 2

Nasc le beartas agus reachtaíocht is leithne

Baineann an beartas seo go díreach leis an mhéid seo a leanas:

Deir An Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh go gcaithfidh beartais, reachtaíocht agus cleachtas a bheith bunaithe ar na cuspóirí agus na prionsabail seo a leanas:

- go n-aithneofaí an Ghaeilge mar léiriú ar shaibhreas cultúrtha;
- meas ar limistéar geografach na Gaeilge lena chinntiú nach mbeidh na ranna riaracháin atá ann nó úr ina gconstaic ar chur chun cinn na Gaeilge;
- an gá atá le beart diongbháilte leis an Ghaeilge a chur chun cinn chun an teanga a chosaint;
- éascú agus/nó spreagadh úsáid na Gaeilge, sa chaint, sa scríobh, sa tsaol phríobháideach agus phoiblí;
- cothabháil agus forbairt nascanna idir grúpaí a úsáideann an Ghaeilge agus grúpaí eile sa Stát a úsáideann an Ghaeilge ar an dóigh chéanna nó ar dhóigh chosúil, chomh maith le bunú caidrimh chultúrtha le grúpaí eile sa Stát a úsáideann teangacha eile;
- soláthar foirmeacha agus modhanna oiriúnacha i gcomhair teagasc agus staidéar na Gaeilge ar gach céim oiriúnach;
- soláthar áiseanna a chuirfeadh ar chumas neamh-Ghaeilgeoirí a chónaíonn i gceantar ina labhraítear í, í a fhoghlaim más mian leo;
- cothú staidéir agus taighde ar an Ghaeilge in ollscoileanna nó i bhforais den chineál sin;
- cothú chineálacha cuí malartuithe trasnáisiúnta (.i. malartuithe trasteorann)

Déanann Airteagal 10 den Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh saintagairt d'Údaráis Riaracháin agus do Sheirbhísí Poiblí agus do na prionsabail ábhartha a dearadh le iad a threorú:

- Lena chinntiú go dtig le húsáideoirí Gaeilge iarratais bhéil nó scríofa a chur isteach chuig na húdaráis riaracháin;
- Le ligean do na húdaráis riaracháin cáipéisí a dhréachtú i nGaeilge;
- Le Gaeilge a úsáid i ndíospóireachtaí ina gcuid tionól, ach gan úsáid teanga(cha) oifigiúil(-úla) an Stáit a eisiáimh;
- Le leaganacha traidisiúnta agus cearta logainmneacha i nGaeilge a úsáid nó a ghlacadh, i gcomhar más gá leis an ainm sa teanga oifigiúil.

I dtaca le seirbhísí poiblí a sholáthraíonn na húdaráis riaracháin nó daoine eile ag feidhmiú thar a gceann, tabharfaidh an Chomhairle faoi:

- Ligean d'úsáideoirí iarratas a chur isteach i nGaeilge.
- Aistriúchán nó ateangaireacht a sholáthar de réir mar is gá;
- Úsáid nó glacadh le hainmneacha teaghlaigh i nGaeilge a cheadú ar iarratas ó dhaoine lena mbaineann.